Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021
(OR. en)

9050/21

LIMITE

JUSTCIV 92
ECOFIN 471
EJUSTICE 56
COMPET 388
CODEC 747
IA 98

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0044(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7222/18 + ADD 1 + ADD 1 REV 1 + ADD 2 + ADD 2 REV 2 + ADD 3 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an dlí is infheidhme i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 12 Márta 2018, mar chuid den phlean gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an dlí is infheidhme i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de[1] (an 'rialachán beartaithe').

2. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 81(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus tá sé faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

[1] 7222/18.

3. I gcomhréir le cuspóirí phlean gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil, is rún leis an rialachán beartaithe infheistíocht trasteorann a chothú san Aontas Eorpach agus, dá réir sin, rochtain ar airgeadas a éascú do ghnólachtaí, lena n-áirítear FBManna, agus tomhaltóirí. Is é cuspóir sonrach an rialacháin beartaithe cuidiú le méadú na n-idirbheart trasteorann in éilimh trí dheimhneacht dhlíthiúil a sholáthar trí rialacha aonfhoirmeacha easaontachta dlíthe a ghlacadh ar leibhéal an Aontais, agus ar an gcaoi sin rioscaí dlíthiúla agus iarmhairtí sistéamacha féideartha a bhaint agus infheistíocht trasteorann, rochtain ar chreidmheas níos saoire agus comhtháthú an mhargaidh a chumasú.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh[2], ina raibh 24 leasú ar an togra ón gCoimisiún, an 13 Feabhra 2019.

5. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim[3] maidir leis an togra seo an 11 Iúil 2018, agus thug an Banc Ceannais Eorpach a thuairim[4] an 18 Iúil 2018.

6. Níor bhain Éire úsáid as an deis, a leagtar amach in Airteagal 3 de Phrótacal (Uimh. 21) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bheith rannpháirteach i nglacadh agus cur i bhfeidhm an bhirt bheartaithe. I gcur i bhfeidhm Phrótacal (Uimh. 22) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Danmhairge, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an bhirt bheartaithe.

2 6217/19.
3 11427/18.
4 CON/2018/33.

## II. PRÍOMHGHNÉITHE AN PHACÁISTE CHOMHRÉITIGH

7. Sna pléití a rinneadh san fhíschomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí ag na hAirí Dlí agus Cirt an 4 Meitheamh 2020, tugadh treoir pholaitiúil luachmhar maidir le prionsabal na huilíochta a dheimhniú, maidir le coinbhleachtaí tosaíochta a bhaineann le nuachan a eisiamh agus maidir leis an Rialachán beartaithe a chur i bhfeidhm go neamh-aisghníomhach. Cuireadh trí thuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid na Comhairle i mí na Nollag 2018[5], Meitheamh 2019[6] agus mí na Nollag 2020[7].

8. Ag tógáil ar an obair a rinne na huachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo, chuir Uachtaránacht na Portaingéile an comhad seo lena tosaíochtaí reachtacha. Mar thoradh air sin, lean an Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Sannadh Éileamh) ar luas nimhe lena plé maidir leis an Rialachán beartaithe. I bhfianaise an dul chun cinn suntasach a rinneadh i bpléití na Meithle sin, tá an uachtaránacht den tuairim gur féidir cur chuige a bhaint amach maidir leis an téacs seo.

### A. Raon feidhme an Rialacháin

9. Faoi láthair níl aon rialacha easaontachta dlíthe ann chun éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de a rialú ar leibhéal an Aontais, agus is éagsúil óna chéile na rialacha easaontachta dlíthe a leagtar síos ar leibhéal na mBallstát (i gcás inarb ann dóibh). I gcás sannadh éileamh trasteorann, bíonn éiginnteacht dhlíthiúil ann i dtaca le cén dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh an tsannta de mar thoradh ar neamhréireacht na rialacha easaontachta dlíthe.

[5] 14498/18.
[6] 9562/19.
[7] 13122/20.

10. Tá sé ceaptha ag an rialachán beartaithe deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar trí rialacha easaontachta dlíthe comhchoiteanna lena leagtar síos cé an dlí a mbeidh feidhm aige maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh trasteorann éileamh deonach de agus seachaíocht chonarthach in ábhair shibhialta agus thráchtála.

11. Baineann an Rialachán le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de, ar sócmhainní i bhfoirm dholáimhsithe iad. Tugann sé sin le tuiscint nach n-áirítear ábhair áirithe i raon feidhme an Rialacháin mar nach mbaineann siad le sannadh éileamh i bhfoirm dholáimhsithe. Tar éis plé fairsing teicniúil, áfach, mheas an Mheitheal go raibh sé tábhachtach a shoiléiriú nach gcumhdaítear na hábhair sin sa Rialachán. Is iad seo a leanas na hábhair sin:

– ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear urrúis agus díorthaigh, a aistriú;

– criptea-shócmhainní a aistriú; agus

– éilimh a shannadh i gcás nach i bhfoirm dholáimhsithe na héilimh sin ach ina n-ionchorpraítear i ndeimhniú nó ina léirítear i gcuntas reatha iad.

12. Go háirithe, ar mhaithe le soiléireacht agus comhleanúnachas le gníomhartha dlíthiúla eile de chuid an Aontais, d'aontaigh an Mheitheal a chur in iúl go sainráite nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo na héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh aistrithe ionstraimí airgeadais de, lena n-áirítear trí bhíthin urrús agus gealltáin nó cearta urrúis eile ar na hionstraimí airgeadais sin. Dá réir sin, ní rialaítear leis an Rialachán seo aistriú ionstraimí airgeadais (amhail urrúis inaistrithe, ionstraimí margaidh airgid agus aonaid i gcomhghnóthais), is cuma cé acu a eisítear nó nach n-eisítear le teicneolaíocht mórleabhar dáilte iad nó má dhéantar an t-aistriú sin trí bhíthin an mhéid seo a leanas: (i) deimhniú a sheachadadh go fisiciúil, (ii) cuntas reatha i gclár, i gcuntas nó i gcóras taisce láraithe, nó (iii) sannadh éileamh amhail (mar shampla, éileamh chun na hionstraimí sin a sheachadadh ón gcéad idirghabhálaí eile i slabhra idirghabhálaithe). Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán beartaithe maidir le héifeachtaí tríú páirtí a bhaineann le haistriú criptea-shócmhainní ach oiread, cibé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn siad mar ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear trí urrús, gealltáin nó cearta eile urrúis ar na criptea-shócmhainní sin.

13. Ós rud é gur ionstraimí airgeadais agus gur conarthaí iad freisin díorthaigh, agus toisc nach gcumhdaítear leis an Rialachán beartaithe aistriú ionstraimí airgeadais, conarthaí ná nuachana, d'aontaigh an Mheitheal a shoiléiriú in aithris nach rialaítear leis an Rialachán ach oiread éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh aistriú díorthach de.

14. D'aontaigh an Mheitheal a shoiléiriú nach gcumhdaítear leis an Rialachán sannadh éileamh i gcás nach bhfuil na héilimh i bhfoirm dholáimhsithe ach ina n-ionchorpraítear i ndeimhniú nó ina léirítear i gcuntas reatha iad.

15. Ar chúiseanna comhsheasmhachta leis an dlí is infheidhme maidir le hurrúis agus ós rud é gurb ann do chleachtais éagsúla sna Ballstáit, d'aontaigh an Mheitheal ar deireadh sannadh éileamh a eascraíonn as urrúis inaistrithe, ionstraimí margaidh airgid nó aonaid i ngnóthas comhinfheistíochta a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin fiú i gcás ina sanntar na héilimh sin i bhfoirm doláimhsithe.

16. D'fhonn an Rialachán atá beartaithe a dhéanamh slán i bhfad na haimsire ó thaobh na teicneolaíochta de, bhreithnigh an Mheitheal an tsaincheist maidir le héilimh a eascraíonn as criptea-shócmhainní[8] agus ríomh-airgead a chur san áireamh. Mar ionstraim theicneolaíochtneodrach, ba cheart don Rialachán beartaithe éilimh a chumhdach a eascraíonn as sócmhainní beag beann ar an teicneolaíocht a úsáideadh chun iad a eisiúint, a aistriú nó stóráil, agus éilimh a eascraíonn as criptea-shócmhainní nach ionstraimí airgeadais iad á n-áireamh ar an gcaoi sin. Ionas nach mbeidh fadhbanna tréithithe ann maidir le déanamh amach an gcáilíonn criptea-shócmhainn áirithe mar ionstraim airgeadais nó mar chineál eile criptea-shócmhainne, ba cheart éilimh a eascraíonn as gach criptea-shócmhainn a chumhdach leis an Rialachán seo, cé is moite d'éilimh a eascraíonn as criptea-sócmhainní a cháilíonn mar urrúis inaistrithe, ionstraimí airgeadais nó aonaid i ngnóthas comhinfheistíochta.

[8] Sainmhínítear criptea-shócmhainní sa Rialachán beartaithe trí thagairt a dhéanamh don sainmhíniú a thabharfar isteach san *acquis* leis an Rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le margaí criptea-shócmhainní.

17. Mar gheall ar thréithí a bheith éagsúil go bunúsach sna córais dlí i roinnt Ballstát maidir go háirithe leis an nasc idir éileamh agus an ceart urrúis, agus ról na gclár poiblí, d'aontaigh an Mheitheal éifeachtaí tríú páirtí a eisiamh a bhaineann le haistriú ceart urrúis, go háirithe ar mhaoin dhochorraithe agus sócmhainn shochorraithe atá faoi réir clárú i gclár poiblí a leagtar síos le dlí, lena n-áirítear aon cheanglais foirme nó chlárúcháin maidir le héifeachtacht aistriú an chirt urrúis agus maidir le héifeachtaí a bhaineann le comhlíonadh nó teip ar chomhlíonadh aon cheanglas maidir le coinbhleachtaí tosaíochta faoin éileamh urraithe a réiteach.

18. Ar an ábhar sin, i gcás nasc a bheith idir an ceart urrúis agus an t-éileamh a urraíonn sé, sa chaoi go mbeidh ar an sannaí, faoi dhlí an Stáit ina bhfuil an mhaoin dhochorraithe suite nó ar faoina údarás a choimeádtar an clár, ceanglais áirithe foirme nó chlárúcháin maidir le héifeachtacht aistriú an chirt urrúis a chomhlíonadh chun teideal a fháil ar an éileamh féin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na héifeachtaí a bheidh ag comhlíonadh aon cheanglais foirme nó clárúcháin, nó ag mainneachtain na ceanglais sin a chomhlíonadh, maidir le héifeachtacht aistriú an chirt urrúis agus coinbhleachtaí tosaíochta á réiteach maidir leis an éileamh urraithe.

19. Tarraingítear aird leis an réiteach comhréitigh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh eascairt as córais láidre chlárúcháin agus cuirtear i dtreis leis a thábhachtaí atá siad, gan cur i bhfeidhm an *lex registrationis* a fhorchur, áfach, i ngach cás.

**B. An dlí is infheidhme**

20. Is fada teicniúil an plé an rinne an Mheitheal maidir leis na tairbhí a bhainfeadh dá gcomharthófaí gurb é dlí ghnáthchónaí an tsannóra an dlí ar cheart feidhm a bheith aige mar riail maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de. I gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún, fuair an dlí ghnáthchónaí an tsannóra níos mó tacaíochta ná mar a fuair dlí an éilimh shannta de thairbhe go dtiocfadh tuilleadh intuarthachta do thríú páirtithe as. Síleadh gurb oiriúnach dlí ghnáthchónaí an tsannóra le haghaidh bulc-shannadh faoi réir dlíthe éagsúla agus le haghaidh éilimh thodhchaíochta agus go raibh sé i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/848 (an Rialachán Dócmhainneachta).

21. Cuireadh in iúl, mar sin féin, go mbeadh sé tábhachtach d'fheidhmiú rianúil na margaí airgeadais go ndéanfaí eisceachtaí iomchuí. Is é a cinneadh, i gcás sanntaí áirithe a leagtar amach in Airteagal 4(2) den téacs comhréitigh, amhail éilimh airgid a shannadh, éilimh ar mhargaí airgeadais agus éilimh chreidmheasa, go mbeadh dlí an éilimh shannta níos oiriúnaí ná dlí ghnáthchónaí an tsannóra.

22. I gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún, coinnítear rogha dlí le haghaidh urrúsú sa téacs comhréitigh idir dlí an tsannóra agus dlí an éilimh shannta. Is é is aidhm don tsolúbthacht sin gan difear a dhéanamh do chleachtas reatha na n-oibreoirí móra ach, an tráth céanna, leathnú an mhargaidh urrúsúcháin trasteorann chuig oibreoirí beaga a éascú.

**C. Cur i bhfeidhm uilíoch**

23. Mar a mhol an Coimisiún agus a dhearbhaigh na hAirí Dlí agus Cirt an 4 Meitheamh 2020, i gcomhréir le hionstraimí eile de chuid an Aontais lena gcomhchuibhítear rialacha easaontachta dlíthe, is féidir dlí Ballstáit nó dlí tríú tír a bheith sa dlí náisiúnta a ainmnítear sa Rialachán beartaithe mar an dlí is infheidhme.

**D. Gaol le forálacha eile de dhlí an Aontais**

24. Tá sé ceaptha go mbeidh an Rialachán beartaithe ina ionstraim *chothrománach* lena n-ainmneofar an dlí is infheidhme i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de i ngach cás mura bhforáiltear a mhalairt in ionstraimí is sonraí eile de dhlí an Aontais. Ní choiscfear lena chur i bhfeidhm cur i bhfeidhm ionstraimí eile de chuid an Aontais ina n-ainmnítear an dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí *i réimsí áirithe*. I ndáil leis sin, áirítear in Airteagal 10 den téacs comhréitigh liosta neamh-uileghabhálach de ghníomhartha dlí de chuid an Aontais a bhfuil tosaíocht acu ar an ionstraim nua.

## III. CONCLÚID

25. Ba cheart an téacs comhréitigh deiridh mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é a mheas mar phacáiste lena léirítear cothromaíocht íogair idir leasanna agus ábhair imní na mBallstát éagsúil. Is é is aidhm dó córas cothromaithe a bhunú, agus leasanna na margaí airgeadais agus saintréithe bunúsacha dhlíchórais na mBallstát á gcur san áireamh.

26. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid a leanas a dhéanamh:

(a) an pacáiste comhréitigh a thíolaic an Uachtaránacht mar a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é a fhormhuiniú, agus

(b) a iarraidh ar an gComhairle an 7 agus an 8 Meitheamh 2021 (Ceartas agus Gnóthaí Baile) an téacs mar a leagtar amach san iarscríbhinn[9] a ghabhann leis an nóta seo é a fhormheas mar chur chuige ginearálta a bheidh ina bhonn don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa.

---

[9] Téacs nua i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún (7222/18), marcáiltear é le **cló trom/folíne** agus marcáiltear nithe a scriosadh le [...].

[...]

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,
Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,[1][...]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé leagtha amach mar chuspóir dó féin ag an Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chothabháil agus a fhorbairt. D'fhonn limistéar den sórt sin a bhunú de réir a chéile, tá an tAontas chun bearta a ghlacadh a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a mbeidh impleachtaí trasteorann acu, a mhéad agus is gá sin d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(2) De bhun Airteagal 81 den Chonradh, áireofar sna bearta sin bearta darb aidhm comhoiriúnacht na rialacha is infheidhme sna Ballstáit maidir le heasaontacht dlíthe a áirithiú.

---

1 IO C , , lch. .

(3) Éilíonn oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh **deimhneacht i dtaca leis an dlí is infheidhme** [...], chun feabhas a chur ar intuarthacht thorthaí na dlíthíochta, [...] agus **éilíonn**[...] saoirse gluaiseachta breithiúnas go ndéanfadh na rialacha easaontachta **dlí** [...] sna Ballstáit an dlí náisiúnta céanna a ainmniú [...] **mar an dlí is infheidhme**, gan beann ar **an gcúirt sa Bhallstát**[...] ina dtugtar an chaingean.

(4) **Ní ainmnítear** [...] le Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) **an dlí is infheidhme** [...] maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh **sannadh** [...] éileamh de. Ceanglaítear le hAirteagal 27(2) den Rialachán sin, áfach, go ndéanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le héifeachtacht sannta nó seachaíochta éilimh in aghaidh tríú páirtithe agus tosaíocht an éilimh a shanntar nó a sheachaítear **ar cheart** [...] duine eile, agus ba cheart togra a bheith ag gabháil leis, más iomchuí, maidir leis an Rialachán sin a leasú mar aon le measúnú ar thionchar na bhforálacha atá le tabhairt isteach.

(5) An 18 Feabhra 2015, ghlac an Coimisiún Páipéar Uaine ar Aontas na Margaí Caipitil a Thógáil[2] inar luadh gur ghné thábhachtach í deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a bhaint amach i gcásanna aistrithe éileamh trasteorann agus i dtaobh ord tosaíochta na n-aistrithe sin, go háirithe i gcásanna dócmhainneachta, chun margadh uile-Eorpach a fhorbairt in urrúsú agus i socruithe comhthaobhachta airgeadais, agus **maidir le** [...] gníomhaíochtaí eile amhail an fhachtóireacht.

[2] COM(2015) 63 final.

(6) An 30 Meán Fómhair 2015, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht ina raibh Plean Gníomhaíochta maidir le hAontas na Margaí Caipitil a Thógáil[3]. **Sa** [...] Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil sonraíodh go gcuireann difríochtaí sa chaoi a bpléitear ar an leibhéal náisiúnta le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh **sannadh** [...] éileamh fiachais de le castacht úsáid na n-ionstraimí sin mar chomhthaobhacht trasteorann, agus thángthas ar an gconclúid go gcuireann an éiginnteacht dhlíthiúil sin bac ar oibríochtaí airgeadais atá suntasach ó thaobh an gheilleagair de, ar nós urrúsuithe. Sa Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil fógraíodh go mbeartódh an Coimisiún rialacha aonfhoirmeacha chun a chinneadh le deimhneacht dhlíthiúil cén dlí náisiúnta ar cheart feidhm a bheith aige maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de.

(7) An 29 Meitheamh 2016, ghlac an Coimisiún tuarascáil maidir le hoiriúnacht Airteagal 3(1) de Threoir 2002/47/CE maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais[4] inar díríodh ar an gceist an oibríonn an Treoir seo go héifeachtach agus go héifeachtúil a mhéid a bhaineann leis na gníomhartha foirmiúla is gá chun éilimh chreidmheasa a sholáthar mar chomhthaobhacht. Ba é conclúid na tuarascála go bhféadfaí a chinneadh le deimhneacht dhlíthiúil cén dlí náisiúnta ba cheart feidhm a bheith aige maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh **sannadh** [...] éileamh de, dá nglacfaí leis an togra **le haghaidh**[...] rialacha aonfhoirmeacha i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de, rud a bheadh ina chuidiú chun deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a bhaint amach i gcásanna úsáide trasteorann éileamh creidmheasa mar chomhthaobhacht.

(8) An 29 Meán Fómhair 2016, ghlac an Coimisiún tuarascáil maidir le héifeachtacht sannta nó seachaíochta éilimh in aghaidh tríú páirtithe agus tosaíocht an éilimh a shanntar nó a sheachaítear ar cheart duine eile. Ba é conclúid na tuarascála go gcuirfeadh rialacha aonfhoirmeacha na heasaontachta **dlíthe** [...] lena rialófaí éifeachtacht na sanntaí in aghaidh tríú páirtithe chomh maith le ceisteanna tosaíochta idir sannaithe iomaíocha nó idir sannaithe agus sealbhóirí cirt eile feabhas ar an deimhneacht dhlíthiúil agus go laghdófaí deacrachtaí praiticiúla agus na costais dhlíthiúla a bhaineann leis an éagsúlacht sa chur chuige atá sna Ballstáit faoi láthair dá mbarr.

---

3 COM(2015) 468 final.
4 COM(2016) 430 final.

(9) Ba cheart raon feidhme substainteach agus forálacha an Rialacháin seo a bheith comhsheasmhach le Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh II),[5] Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I),[6]
Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú),[7] agus Rialachán (AE) 2015/848 maidir le himeachtaí dócmhainneachta **(an Rialachán Dócmhainneachta).**[8] [...]

(10) Cuirtear chun feidhme leis an Rialachán seo Plean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil. Comhlíontar leis freisin an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 27(2) de Rialachán an Róimh I gur cheart don Choimisiún tuarascáil a fhoilsiú agus, más iomchuí, togra maidir le héifeachtacht sannta éilimh in aghaidh tríú páirtithe agus tosaíocht an tsannaí ar cheart duine eile.

(11) Ní ann do rialacha na heasaontachta dlíthe lena rialaítear éifeachtaí tríú páirtí [...] ó thaobh sannadh éileamh de ar leibhéal an Aontais faoi láthair. **I gcásanna** [...] ina leagtar síos rialacha easaontachta dlíthe **maidir leis an ábhar seo** ar leibhéal na mBallstát, [...] bíonn siad **éagsúil ó chéile** [...]. I gcás sannadh éileamh trasteorann, bíonn éiginnteacht dhlíthiúil ann i dtaca le cén dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh an tsannta de mar thoradh ar neamhréireacht na rialacha easaontachta dlíthe. Cruthaíonn an easpa deimhneachta dlíthiúla riosca dlíthiúil i sannadh éileamh trasteorann nach bhfuil ann i gcás sannadh intíre, mar is féidir rialacha substainteacha náisiúnta difriúla a chur i bhfeidhm ag brath ar cén Ballstát a ndéanann a chúirteanna nó a údaráis díospóid maidir leis an teideal dlí ar na héilimh arna **sannadh** a mheas.

5 Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh II), IO L 199, 31.7.2007, lgh. 40-49.

6 Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I), IO L 177, 4.7.2008, lgh. 6-16.

7 Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, IO L 351, 20.12.2012, lgh. 1-32.

8 Rialachán (AE) Uimh. 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta, IO L 141, 5.6.2015, lgh. 19-72.

(12) Mura bhfuil na sannaithe ar an eolas faoin riosca dlíthiúil nó má roghnaíonn siad neamhaird a dhéanamh de, féadfaidh caillteanais airgeadais gan choinne a bheith ann dóibh. Féadfaidh torthaí iarmhartacha a bheith ar an éiginnteacht maidir le cé aige a bhfuil teideal dlí ar na héilimh arna sannadh ar bhonn trasteorann agus tionchar na géarchéime airgeadais a dhoimhniú agus a mhéadú, dá bhrí sin. Má chinneann na sannaithe an riosca dlíthiúil a mhaolú trí chomhairle dlí sainiúil a lorg, tabhóidh siad costais idirbheart níos airde nach mbeadh i gceist i gcás sanntaí intíre. Má tá na sannaithe á gcosc ag an riosca dlíthiúil agus má roghnaíonn siad é a sheachaint, féadfaidh siad deiseanna gnó a chailleadh agus féadfaidh sé go dtiocfaidh laghdú ar chomhtháthú an mhargaidh.

(13) Is é cuspóir an Rialacháin seo foráil a dhéanamh do dheimhneacht dhlíthiúil trí rialacha comhchoiteanna easaontachta dlíthe a leagan síos lena n-ainmnítear an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh **trasteorann** éileamh de.

(14) Is é is éileamh ann ceart a bheith ag creidiúnaí in aghaidh féichiúnaí ar íocaíocht suim airgid nó ar oibleagáid **neamhairgid** [...] a chomhlíonadh. Cuireann sannadh éilimh ar chumas an chreidiúnaí (an sannóir) **a** [...] cheart chun an fiach a éileamh in aghaidh féichiúnaí a aistriú chuig duine eile (an sannaí). Is leis na rialacha easaontachta dlíthe a leagtar síos i Rialachán an Róimh I a ainmnítear na dlíthe lena rialaítear an gaol conarthach idir an creidiúnaí agus an féichiúnaí, idir an sannóir agus an sannaí, agus idir an sannaí agus an féichiúnaí**. Rialaítear, leis na rialacha easaontachta dlíthe a leagtar síos in Airteagal 14(1) de Rialachán an Róimh I, an gaol conarthach idir an sannóir agus an sannaí, agus rialaítear, leis na rialacha easaontachta dlíthe a leagtar síos in Airteagal 14(2) de Rialachán an Róimh I an gaol conarthach idir an sannaí agus an féichiúnaí**[9]**.**

---

9 [...]

(15) Ba cheart, leis na rialacha coinbhleachta dlíthe a leagtar síos sa Rialachán seo, éifeachtaí **tríú páirtí** [...] ó thaobh sannadh éileamh de a rialú idir na páirtithe go léir a bhaineann leis an sannadh [...] agus i ndáil le tríú páirtithe (**amhail** [...] creidiúnaí de chuid an tsannóra), **gan dochar do chearta agus oibleagáidí an fhéichiúnaí faoi Airteagal 14(2) de Rialachán an Róimh I.** [...]

(16) **Áirítear** leis na héilimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo, **gan a bheith teoranta dóibh,** [...] infháltais trádála, **éilimh chreidmheasa, airgead tirim mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/47/CE é, airgead leictreonach mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/CE é agus éilimh a eascraíonn as** [...] ionstraimí airgeadais mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/65/AE iad [...][10] [...] **– cé is moite d'éilimh a eascraíonn as urrúis inaistrithe, ionstraimí margaidh airgid nó aonaid i ngnóthas comhinfheistíochta nó as aon ionstraim airgeadais atá ionchorpraithe i ndeimhniú nó a léirítear le cuntas reatha – cibé acu a eisítear nó nach n-eisítear iad trí theicneolaíocht mórleabhar dáilte.**

**(16bis) I gcomhréir le Rialachán [XXX] maidir le margaí i gcriptea-shócmhainní (MiCA), is gléas maith í teicneolaíocht mórleabhar dáilte a thacaíonn le taifeadadh dáilte sonraí criptithe í. Ba cheart an Rialachán seo a bhunú ar chur chuige teicneolaíochtneodrach.**

[10] [...]

**Mar ionstraim theicneolaíochtneodrach, ba cheart don Rialachán seo éilimh a chumhdach a eascraíonn as sócmhainní beag beann ar an teicneolaíocht a úsáideadh chun iad a eisiúint, a aistriú nó stóráil, agus éilimh a eascraíonn as criptea-shócmhainní á n-áireamh ar an gcaoi sin. Beartaítear roinnt criptea-shócmhainní, a shainmhínítear mar 'comharthaí airgid leictreonaigh' nó 'comharthaí ríomh-airgid' i Rialachán [XXX] maidir le margaí i gcriptea-shócmhainní (MiCA), go príomha mar mhodh íocaíochta agus tá a bhfeidhm an-chosúil leis an bhfeidhm atá ag airgead leictreonach mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/CE maidir le hairgead leictreonach (EMD2). Cáilítear criptea-shócmhainní eile, faoin dlí náisiúnta, mar ionstraimí airgeadais a thagann faoi raon feidhme MiFID. Ionas nach mbeidh fadhbanna tréithithe ann maidir le déanamh amach an gcáilíonn criptea-shócmhainn áirithe mar ionstraim airgeadais nó mar chineál eile criptea-shócmhainne, ba cheart éilimh a eascraíonn as gach criptea-shócmhainn a chumhdach leis an Rialachán seo, cé is moite d'éilimh a eascraíonn as criptea-sócmhainní a cháilíonn mar urrúis inaistrithe, ionstraimí airgeadais nó aonaid i ngnóthas comhinfheistíochta.**

**(16i) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh atá ann cheana agus éileamh a dhéanfar amach anseo araon. Rialaítear insanntacht na n-éileamh, lena n-áirítear cibé acu an mbeidh nó nach mbeidh éilimh a dhéanfar amach anseo insannta, le dlí an éilimh arna shannadh de bhun Airteagal 14(2) de Rialachán an Róimh I.**

**(16a) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le héifeachtaí tríú páirtí a bhaineann le haistriú ionstraimí airgeadais, cibé acu a eisítear nó nach n-eisítear trí theicneolaíocht mórleabhar dáilte iad, lena n-áirítear trí urrús, gealltáin nó cearta eile urrúis ar na hionstraimí airgeadais sin. Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo, go háirithe, maidir le héifeachtaí tríú páirtí a bhaineann le haistriú urrús inaistrithe, ionstraimí margaidh airgid agus aonad i ngnóthas comhinfheistíochta, lena n-áirítear trí urrús, gealltáin nó cearta eile urrúis ar na hionstraimí airgeadais sin, bíodh an t-aistriú sin déanta trí dheimhniú a sheachadadh go fisiciúil, trí chuntas reatha i gclár, i gcuntas nó i gcóras taisce láraithe nó trí shannadh éileamh amhail, mar shampla, éileamh chun na hionstraimí sin a sheachadadh ón gcéad idirghabhálaí eile i slabhra idirghabhálaithe.** [...]. **Ós rud gur ionstraimí airgeadais agus conarthaí iad díorthaigh, agus toisc nár cheart aistriú conarthaí nó nuachana a chumhdach leis an Rialachán seo, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le héifeachtaí tríú páirtí a bhaineann le haistriú na ndíorthach. Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le héifeachtaí tríú páirtí a bhaineann le haistriú criptea-shócmhainní ach oiread, cibé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn siad mar ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear trí urrús, gealltáin nó cearta eile urrúis ar na criptea-shócmhainní sin.**

**(16ii) Féadfar a rathú go ndéanfar éileamh a chomhlíonadh (mar shampla, aisíoc iasachta) le ceart urrúis (mar shampla, morgáiste nó gealltán). Féadfar ceart urrúis a chruthú ar éilimh nó ar shócmhainní nach éilimh iad. Áirítear maoin dhochorraithe ar shócmhainní nach éilimh iad; sócmhainní sochorraithe inláimhsithe, bíodh siad cláraithe i gclár poiblí arna leagan síos leis an dlí (amhail feithicil nó innealra) nó nach bíodh; agus sócmhainní sochorraithe doláimhsithe, bíodh siad cláraithe i gclár poiblí arna leagan síos leis an dlí (amhail cearta maoine intleachtúla) nó nach bíodh. Ba cheart sannadh éileamh a chumhdach leis an Rialachán seo, bíodh sin iarbhír (mar shampla, sannadh infháltais trádála d'fhachtóir) nó trí urrús, gealltáin nó cearta eile urrúis ar na héilimh (mar shampla, gealltán ar infháltais trádála eile). Níor cheart, áfach, leis an Rialachán seo, aistriú sócmhainní nach éilimh iad a chumhdach, bíodh sin iarbhír (mar shampla, aistriú urrúis inaistrithe) nó trí urrús, gealltáin nó cearta eile urrúis ar shócmhainní nach éilimh iad (mar shampla, morgáiste ar mhaoin dochorraithe nó gealltán ar urrúis inaistrithe).**

**(16aa) Ba cheart feidhm a bheith ag an dlí arna ainmniú ag an Rialachán seo maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éilimh de i gcás ina mbeidh an t-éileamh arna shannadh urraithe le ceart thar mhaoin dhochorraithe nó thar mhaoin shochorraithe faoi réir clárú i gclár poiblí a leagtar síos le dlí. Níor cheart, áfach, feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na héifeachtaí tríú páirtí atá ag aistriú an chirt urrúis thar mhaoin dhochorraithe nó thar mhaoin shochorraithe faoi réir clárú i gclár poiblí a leagtar síos le dlí, lena n-áirítear aon cheanglais foirme nó chlárúcháin faoi dhlí an Stáit ina bhfuil an mhaoin dhochorraithe suite nó ar faoina údarás a choimeádtar an clár ar mhaithe le héifeachtacht aistriú an chirt urrúis. Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach oiread maidir le hábhair ar bith a bhaineann le cearta urrúis a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear an teidlíocht ar fháltais.**

**(16aaa) Ní fhéadfaidh an dlí is infheidhme faoin Rialachán seo teacht le dlí an Stáit ina bhfuil an mhaoin dhochorraithe suite nó ar faoina údarás a choimeádtar an clár (mar shampla, toisc go bhfuil gnáthchónaí ar an sannóir i Stát A agus go bhfuil an mhaoin dhochorraithe suite i Stát B). San cásanna sin, (i) chun go bhféadfaidh an sannaí teideal a fháil thar an éileamh, ba cheart na ceanglais faoin dlí a ainmnítear leis an Rialachán seo a chomhlíonadh agus, (ii) chun go bhféadfaidh an sannaí teideal a fháil thar an gceart thar an maoin dhochorraithe nó thar an mhaoin shochorraithe chláraithe lena n-urraítear an t-éileamh, ba cheart na ceanglais maidir leis an gceart urrús sin a aistriú a leagtar síos i rialacha náisiúnta easaontachta an Stáit ina bhfuil an mhaoin dhochorraithe suite nó ar faoina údarás a choimeádtar an clár (go hiondúil an *lex rei sitae* nó an *lex registrationis*), lena n-áirítear aon cheanglais foirme nó chlárúcháin, a chomhlíonadh.**

**(16ab) I gcórais dlí áirithe, áfach, tá nasc idir an ceart urrúis agus an t-éileamh a urraíonn sé, sa chaoi is go mbeidh ar an sannaí, faoi dhlí an Stáit ina bhfuil an mhaoin dhochorraithe suite nó ar faoina údarás a choimeádtar an clár, ceanglais áirithe foirme nó chlárúcháin maidir le héifeachtacht aistriú an chirt urrúis a chomhlíonadh chun teideal a fháil ar an éileamh féin, agus má chomhlíontar nó mura gcomhlíontar na ceanglais foirme nó chlárúcháin sin chun teideal a fháil ar an gceart urrúis, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar réiteach coinbhleachtaí tosaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an éileamh urraithe.**

**Sna cásanna sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na héifeachtaí a bheidh ar chomhlíonadh aon cheanglais foirme nó clárúcháin, nó ar mhainneachtain na ceanglais sin a chomhlíonadh, le haghaidh éifeachtacht aistriú an chirt urrúis agus coinbhleachtaí tosaíochta á réiteach maidir leis an éileamh urraithe. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an dlí is infheidhme faoin Rialachán seo chun coinbhleachtaí tosaíochta a réiteach i leith éileamh arna urrú le ceart thar mhaoin dhochorraithe nó maoin shochorraithe atá faoi réir clárú i gclár poiblí a leagtar síos le dlí, go háirithe idir (i) éilitheoir ar an éileamh urraithe a chomhlíon an dlí is infheidhme faoin Rialachán seo chun teideal a fháil ar an éileamh arna shannadh agus freisin leis na ceanglais foirme nó chlárúcháin faoi dhlí an Stáit ina bhfuil an mhaoin dhochorraithe suite nó ar faoina údarás a choimeádtar an clár chun teideal a fháil ar an gceart a urraíonn an t-éileamh, agus (ii) éilitheoir i leith an éilimh urraithe nár chomhlíon an dlí is infheidhme faoin Rialachán seo ach chun teideal ar an éileamh sannta a fháil.**

**(16b) Is sócmhainn dholáimhsithe é éileamh. Is féidir é a shannadh mar shócmhainn dholáimhsithe nó, i gcás ina n-ionchorpraítear i ndeimhniú é nó ina léirítear le cuntas reatha é, is féidir é a aistriú mar shócmhainn inláimhsithe nó le creidmheasanna agus dochair. Is leis an dlí substainteach lena rialaítear an t-éileamh de bhun Airteagal 14(2) de Rialachán an Róimh I a chinntear an féidir éileamh a shannadh mar shócmhainn dholáimhsithe, a ionchorprú i ndeimhniú nó a léiriú mar chuntas reatha. Ba cheart an Rialachán seo a bheith ina ionstraim chothrománach lena leagfar síos rialacha ginearálta easaontachta dlíthe is infheidhme maidir leis na héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de i gcás ina sanntar na héilimh mar shócmhainní doláimhsithe *(lex generalis)* . I gcás ina ndéantar éilimh a ionchorprú i ndeimhniú (amhail i gcás, mar shampla, bannaí iompróra nó cúpóin le haghaidh úis atá inbhainte go fisiciúil ón mbanna iompróra) nó a léiriú mar chuntas reatha (amhail i gcás, mar shampla, bannaí i bhfoirm cuntais reatha nó cúpóin ar leithligh le haghaidh úis i bhfoirm cuntais reatha), mar chuid den chuntas reatha féin nó mar chuntas reatha ar leithligh a d'fhéadfaí a bhaint den cheann bunaidh lena léirítear an t-éileamh chun ús a fháil), ba cheart éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh aistriú na n-éileamh sin a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo agus ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha speisialta easaontachta dlíthe is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh aistriú na n-éileamh mar shócmhainn inláimhsithe (amhail na rialacha lena rialaítear ionstraimí soshannta nó ionstraimí airgeadais) nó ag creidmheasanna nó dochair (amhail na rialacha lena rialaítear ionstraimí airgeadais i bhfoirm cuntais reatha) *(lex specialis)*. Ba cheart, le heisiamh an tsannta éileamh a ionchorpraítear i ndeimhniú nó a léirítear mar chuntas reatha, staideanna a chumhdach ina gcláraítear an t-éileamh i gclár arna choimeád ag an gcuideachta a eisíonn na hurrúis as a n-eascraíonn an t-éileamh, amhail scaireanna cláraithe.**

**(16c) D'fhéadfadh éilimh eascairt as urrúis inaistrithe, mar shampla éileamh ar dhíbhinní a eascraíonn as scair nó éileamh ar ús a eascraíonn as banna. Féadfar na héilimh sin, ag brath ar an dlí is infheidhme maidir leis an urrús, a shannadh ar leithligh ón urrús óna n-eascraíonn siad agus i bhfoirm dholáimhsithe (mar shampla, féadfaidh scairshealbhóir éilimh ar dhíbhinní a shannadh do bhanc mar chomhthaobhacht chun airgeadas a fháil). Ba cheart an sannadh éileamh a dhéantar ar leithligh ón urrús óna n-eascraíonn siad agus i bhfoirm dholáimhsithe (is é sin, i gcás nach n-ionchorpraítear iad i ndeimhniú, nach léirítear iad mar chuntas reatha nó nach dtaifeadtar iad trí theicneolaíocht mórleabhar dáilte) a eisiamh freisin ó raon feidhme an Rialacháin seo, ar chúiseanna comhsheasmhachta leis an dlí is infheidhme maidir leis na hurrúis agus ós rud é go bhfuil cleachtais éagsúla sna Ballstáit.**

**(16d) Éilimh a eascraíonn as billí malairte, seiceanna, nótaí gealltanais agus ionstraimí soshannta eile sa mhéid gur as soshanntacht ionstraimí soshannta eile den sórt sin a eascraíonn na héilimh ar ann dóibh fúthu, ba cheart na héilimh sin a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Tá brí éagsúil leis an téarma "ionstraimí soshannta" sa dlí príobháideach agus in *acquis* airgeadais an Aontais. In *acquis* airgeadais an Aontais, go háirithe i dTreoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais[11], is coincheap níos leithne é an téarma "ionstraimí soshannta" agus cuimsítear leis ionstraimí is féidir a thrádáil ar mhargaí caipitil, agus ar an gcaoi sin áirítear leis ionstraimí airgeadais amhail urrúis inaistrithe agus díorthaigh. Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart an téarma "ionstraimí soshannta" a thuiscint amhail faoi Airteagal 1(2) de Rialachán an Róimh I agus a thuiscint go n-áirítear billí luchta leis freisin, sa mhéid gur as soshanntacht an bhille luchta a eascraíonn na héilimh faoin mbille luchta, agus bannaí iompróra, sa mhéid go n-eascraíonn na héilimh faoin mbanna iompróra as a shoshanntacht.**

[11] Treoir 2014/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE, IO L 173, 12.6.2014, lgh. 349-496.

**(16e) Níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo, i gcomhréir le Rialachán an Róimh I, éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de arna rialú ag dlí na gcuideachtaí agus comhlachtaí eile, idir chorpraithe agus neamhchorpraithe, amhail bunú, trí chlárú nó ar shlí eile, inniúlacht dhlíthiúil, eagrú inmheánach nó foirceannadh cuideachtaí agus comhlachtaí eile, idir chorpraithe agus neamhchorpraithe, agus dliteanas pearsanta oifigeach agus comhaltaí, sa cháil sin dóibh, i leith oibleagáidí na cuideachta nó an chomhlachta.**

**(16f) Ba cheart a chumhdach leis an Rialachán seo na héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éilimh de a d'fhéadfadh a bheith ag sealbhóir cuntais nó ag tríú páirtí sa dlí, lena n-áirítear maidir le haisghabháil, aiseag nó damáistí, i leith idirbheart i lamháltais astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE (an Treoir maidir leis an gCóras Trádála Astaíochtaí), atá tagtha chun bheith críochnaitheach i gClárlann an Aontais um chuntais agus idirbhearta lamháltas astaíochtaí, mar shampla i gcás calaoise nó earráid theicniúil. Níor cheart gurbh é an toradh a bheadh air sin go ndéanfaí an t-idirbheart a aisiompú, a chúlghairm nó a leachtú i gClárlann an Aontais.**

(17) **Ba cheart an Rialachán seo a bheith ag baint**[...] le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de. **Níor cheart** [...] a chumhdach leis aistriú [...] na gconarthaí sin (amhail conarthaí díorthacha), ina bhfuil cearta (nó éilimh) agus oibleagáidí san áireamh, nó nuachan conarthaí ina gcuimsítear cearta agus oibleagáidí den sórt sin. **Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach oiread maidir le heasaontachtaí tosaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann a eascraíonn as sannadh éilimh a áirítear i gconradh agus as nuachan an chonartha sin.** Toisc **nár cheart**[...] a chumhdach, leis an Rialachán seo, aistriú ná nuachan conarthaí, **ba cheart** [...] leanúint den trádáil in ionstraimí airgeadais, agus imréiteach agus socrú na n-ionstraimí sin, a rialú ag an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha mar a leagtar síos i Rialachán an Róimh I é. [...]

(18) [...][12][...][13][...][14][...][15][...]

[...] Ba cheart an Rialachán seo a bheith uilíoch: ba cheart go mbeadh feidhm ag an dlí arna ainmniú ag an Rialachán seo, fiú amháin mura dlí Ballstáit é.

**(19**[...])Tá an intuarthacht riachtanach do thríú páirtithe a bhfuil suim acu teideal dlí a fháil ar an éileamh arna shannadh. Nuair a chuirtear dlí an **Stáit** [...] ina bhfuil gnáthchónaí ar an sannóir i bhfeidhm maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de, is furasta ag na tríú páirtithe a fháil amach roimh ré cén dlí náisiúnta lena rialófar a gcearta. Ba cheart feidhm a bheith ag gnáthchónaí an tsannóra mar riail maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de, dá bhrí sin. Ba cheart feidhm a bheith ag an riail sin, go háirithe, maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de i dtaca le fachtóireacht, **socruithe comhthaobhachta** [...] agus, i gcás nach bhfuil dlí an éilimh arna shannadh roghnaithe ag na páirtithe, **maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de i gcomhthéacs** urrúsú agus **eisiúint bannaí faoi chumhdach**.

12 [...]
13 [...]
14 [...]
15 [...]

(**20**[...])Ba cheart go gcumasódh an dlí a roghnaítear mar riail is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de, an cinneadh maidir leis an dlí is infheidhme nuair a shannfar éilimh sa todhchaí, **nó** [...] nuair [...] a shannfar éilimh **i mbulc, ar cleachtas coitianta iad araon**, mar shampla i gcás na fachtóireachta. A bhuí le cur i bhfeidhm an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra, éascaítear [...] **de ghnáth** cinneadh a dhéanamh maidir leis an dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de sa todhchaí **agus sannadh éileamh i mbulc faoi réir dlíthe éagsúla**.

(**21**[...])Tá **tábhacht ar leith** ag baint leis an ngá atá ann a chinneadh cé aige ag a bhfuil teideal dlí ar éileamh arna shannadh [...] i gcás ina dtagann an sannóir chun bheith dócmhainneach, **toisc gur sócmhainní iad éilimh is féidir a áireamh san eastát dócmhainneachta agus gur gá go mbeadh a fhios ag creidiúnaithe an bhfuil na héilimh arna sannadh fós mar chuid de.** [...] Ba mhaith an rud é, dá bhrí sin, comhleanúnachas a bheith idir na rialacha easaontachta dlíthe a leagtar síos sa Rialachán seo agus na cinn a leagtar síos **sa Rialachán Dócmhainneachta (**Rialachán (AE) 2015/848 maidir le himeachtaí dócmhainneachta**)**. Ba cheart comhleanúnachas a bhaint amach trí chur chun feidhme mar riail an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de, mar, **de ghnáth**, tagann úsáid ghnáthchónaí an tsannóra mar nascfhachtóir le húsáid lárionad príomhleasa an fhéichiúnaí mar nascfhachtóir chun críoch dócmhainneachta.

**(22) Leis an Rialachán seo agus an Rialachán Dócmhainneachta leagtar síos rialacha comhlántacha easaontachta dlíthe. Ba cheart don dlí is infheidhme arna ainmniú leis an Rialachán seo feidhm a bheith aige ar dtús chun a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil sannadh éileamh a rinneadh roimh imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh tagtha chun bheith éifeachtach in aghaidh tríú páirtithe, lena n-áirítear creidiúnaithe an tsannóra. Más amhlaidh an cás, ba cheart don dlí is infheidhme faoin Rialachán Dócmhainneachta a chinneadh an gníomh díobhálach a bhí sa sannadh i ndáil le comhlacht ginearálta na gcreidiúnaithe agus ba cheart neamhniú, in-neamhnitheacht nó neamh-infhorghníomhú an tsannta a rialú. Má tá éileamh le sannadh tar éis na himeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh, ba cheart don dlí is infheidhme faoin Rialachán Dócmhainneachta a chinneadh cibé acu is féidir nó nach féidir an sannadh a dhéanamh, nó na coinníollacha faoinar féidir é a dhéanamh. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa dlí is infheidhme maidir leis an dócmhainneacht, ba cheart don dlí is infheidhme faoin Rialachán seo a éifeachtaí atá an sannadh in aghaidh tríú páirtithe a chinneadh.**

(23) Déantar foráil i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 2001 maidir le Sannadh Infháltas i dTrádáil Idirnáisiúnta go bhfuil an tosaíocht atá ag ceart an tsannaí san infháltas arna shannadh ar cheart an éilitheora iomaíoch, go bhfuil an tosaíocht sin arna rialú ag dlí an Stáit ina bhfuil an sannóir lonnaithe. Leis an gcomhoiriúnacht idir **an dlí atá i bhfeidhm mar riail** faoi chuimsiú [...] an Rialacháin seo agus an réiteach is fearr leis an gCoinbhinsiún ar an leibhéal idirnáisiúnta, ba cheart réiteach díospóidí idirnáisiúnta a éascú.

(24) I gcás ina n-athraíonn an sannóir a ghnáthchónaí idir sanntaí éagsúla den éileamh chéanna, ba cheart gurbh é an dlí is infheidhme an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra tráth [...] an tsannta a tháinig chun bheith éifeachtach **den chéad uair** in aghaidh tríú páirtithe [...] faoin dlí maidir le gnáthchónaí [...] an tsannóra **is infheidhme ina leith**. **Ba cheart a chinneadh, dá bhrí sin, faoin dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra is infheidhme maidir le gach ceann de na sanntaí, tráth a tháinig gach sannadh chun bheith éifeachtach in aghaidh tríú páirtithe** [...].

(25) I gcomhréir le cleachtas an mhargaidh agus le riachtanais rannpháirtithe sa mhargadh, ba cheart éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh áirithe de, mar eisceacht, a rialú ag dlí an éilimh arna shannadh, is é sin, an dlí lena rialaítear an chéad chonradh idir an creidiúnaí agus an féichiúnaí as a n-eascraíonn an t-éileamh.

(26) Ba cheart do dhlí an éilimh arna shannadh éifeachtaí tríú páirtí an tsannta arna dhéanamh ag sealbhóir cuntais ar airgead a chreidiúnaítear do chuntas a rialú, i gcás inarb é an sealbhóir cuntais an creidiúnaí/an sannóir agus inarb é **soláthraí an chuntais** [...] an féichiúnaí. Bíonn intuarthacht níos fearr ann do thríú páirtithe, amhail creidiúnaithe an tsannóra agus na sannaithe iomaíocha, má bhaineann dlí an éilimh arna shannadh le héifeachtaí tríú páirtí na sanntaí sin toisc go nglactar leis go ginearálta go bhfuil an t-éileamh atá ag sealbhóir cuntais ar airgead a creidiúnaítear do chuntas [...] arna rialú ag dlí **an Stáit** [...] ina bhfuil **soláthraí an chuntais** [...] lonnaithe (seachas an dlí maidir le gnáthchónaí an tsealbhóra cuntais/an tsannóra). De ghnáth. is sa chonradh cuntais idir sealbhóir an chuntais agus **soláthraí an chuntais** a roghnaítear an dlí seo [...]**. I gcomhréir le cur chuige teicneolaíochtneodrach, ba cheart feidhm a bheith freisin ag dlí an éilimh arna shannadh maidir le 'airgead leictreonach' mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/CE (EMD2) agus maidir le 'comharthaí airgid leictreonaigh' nó 'comharthaí ríomh-airgid' mar a shainmhínítear i Rialachán [XXX] maidir le margaí i gcriptea-shócmhainní (MiCA).**

**(26a) Chun críocha an Rialacháin seo, ní hionann aistriú cistí ó chuntas amháin go cuntas eile agus éileamh a shannadh.**

(27) **Chun** [...] **feidhmiú rianúil na margaí airgeadais a chaomhnú,** maidir le héifeachtaí [...] tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de a eascraíonn **as** ionstraimí airgeadais, **amhail conarthaí díorthacha, lena n-áirítear i gcás ina n-eisítear iad trí bhíthin teicneolaíochta mórleabhar dáilte,** ba cheart [...] dóibh a bheith faoi réir an dlí lena rialaítear an t-éileamh arna shannadh [...]. **D'fhéadfadh éilimh a eascraíonn as conarthaí díorthach a bheith ina n-éileamh ar íocaíochtaí idirmheánacha le linn shaolré an chonartha díorthach agus ina n-éileamh ar an méid socraíochta ar fhoirceannadh an chonartha díorthach. Áirítear le cur i bhfeidhm dhlí an éilimh arna shannadh go mbeadh éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh den sórt sin faoi réir an dlí a roghnóidh na páirtithe chun a gconradh díorthach a rialú de bhun Airteagal 3 de Rialachán an Róimh I (i gcás ina n-aistrítear na suíomhanna díorthach thar an gcuntar) nó, i gcás ina n-aistrítear na suíomhanna díorthach ar ionad trádála (is é sin, díorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán), faoi réir dhlí an ionaid trádála de bhun Airteagal 4(1)(h) de Rialachán an Róimh I in éagmais aon rogha eile dlí a bheith ann. Mar an gcéanna, i gcás ina ndéantar éilimh a eascraíonn as conarthaí díorthacha a aistriú laistigh de bhonneagair nó de chórais an mhargaidh airgeadais, bheadh éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh na n-éileamh faoi réir an dlí a roghnóidh na rannpháirtithe i mbonneagar nó i gcóras an mhargaidh airgeadais mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(a) den Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta. I gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán an Róimh I, ba cheart insanntacht an éilimh a chinneadh le dlí an éilimh arna shannadh, cibé acu a roghnaíonn na páirtithe é nó, in éagmais rogha, mar a leagtar amach i rialacha an ionaid trádála.**

**(27a) Ba cheart do dhlí an éilimh arna shannadh éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de a rialú, ar éilimh iad a eascraíonn as criptea-shócmhainní nach gcáilíonn mar ionstraimí airgeadais ná mar airgead leictreonach.**

**(27i) Éilíonn feidhmiú rianúil na margaí airgeadais go ndéanfaí éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh a eascraíonn as (i) conarthaí airgeadais (amhail máistir-chomhaontú), as socruithe comhthaobhachta gaolmhara agus as socruithe glanluachála gaolmhara mar a shainmhínítear sa Rialachán seo; (ii) idirbhearta ar mhargaí airgeadais (is é sin, aistriú ionstraimí airgeadais thar an gcuntar nó ag ionaid trádála); agus (iii) ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht i mbonneagair nó i gcórais na margaí airgeadais, amhail córais imréitigh contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) agus córais socraíochta faoi réir an dlí lena rialaítear an t-éileamh arna shannadh. Ciallaíonn sé sin go mbeadh éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de a eascraíonn as na conarthaí agus na socruithe thuas, as conarthaí trádála arna dtabhairt i gcrích ar mhargaí airgeadais agus as conarthaí a bhaineann le himréiteach agus socraíocht a dhéantar laistigh de bhonneagair nó córais na margaí airgeadais, go mbeidís faoi réir an dlí arna roghnú ag na páirtithe nó an dlí is infheidhme i gcás mainneachtana in éagmais rogha a bheith ann maidir le dlí. Dhéanfadh na páirtithe sa chonradh airgeadais agus sa socrú gaolmhar, na páirtithe sa chonradh trádála, agus na páirtithe sa chonradh a tugadh i gcrích laistigh de bhonneagar nó córas na margaí airgeadais an dlí a roghnú chun a gconradh a rialú de bhun Airteagal 3 de Rialachán an Róimh I maidir le hidirbhearta thar an gcuntar agus, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(a) den Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta, maidir le conarthaí a thugtar i gcrích laistigh de bhonneagar nó córas margaidh airgeadais. Maidir le hidirbhearta a thugtar i gcrích ar ionad trádála, de bhun Airteagal 4(1)(h) de Rialachán an Róimh I, bheadh feidhm ag an dlí is infheidhme maidir leis an ionad trádála in éagmais aon rogha eile dlí a bheith ann. I gcás conarthaí trádála arna dtabhairt i gcrích ar mhargaí airgeadais (thar an gcuntar nó ag ionaid trádála) agus i gcás conarthaí arna dtabhairt i gcrích laistigh de bhonneagar nó córas na margaí airgeadais imréitigh nó socraíochta, áirithítear feidhmiú rianúil na margaí airgeadais mar gurbh ionann an dlí is infheidhme i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de a eascraíonn as conarthaí den sórt sin (dlí an éilimh arna shannadh) agus an dlí ab infheidhme maidir le conarthaí den sórt sin, is é sin, an dlí arna roghnú ag páirtithe an chonartha i gcóras do chonarthaí arna dtabhairt i gcrích laistigh den chóras (de bhun Airteagal 3 de Rialachán an Róimh I), an dlí arna roghnú ag na páirtithe i gcóras do chonarthaí arna dtabhairt i gcrích laistigh den chóras (mar a cheanglaítear faoi Airteagal 2(a) den Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta), nó an dlí maidir leis an ionad trádála d'idirbhearta arna dtabhairt i gcrích ar an ionad trádála in éagmais aon rogha eile dlí a bheith ann (de bhun Airteagal 4(1)(h) de Rialachán an Róimh I).**

**(27ii) Maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de a eascraíonn as idirbhearta airgeadraí eachtracha, ba cheart iad a rialú freisin le dlí an éilimh arna shannadh, bíodh sin mar éilimh a eascraíonn as díorthaigh agus, dá bhrí sin, mar éilimh a eascraíonn as ionstraimí airgeadais, nó mar éilimh a eascraíonn as spot-idirbhearta malairte eachtraí faoi na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 10(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún.**

**(27a) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart a thuiscint go n-áirítear ar idirbhearta ar mhargaí airgeadais idirbhearta a dhéantar thar an gcuntar, idirbhearta a dhéantar ar ionaid trádála agus ar mhalartáin trádála, lena n-áirítear margaí arna rialáil ag LEE, saoráidí trádála iltaobhacha (MTFanna) agus saoráidí trádála eagraithe (OTFanna), nó a dhéantar trí inmheánaitheoir córasach údaraithe faoi MiFID agus, i ngach cás, aon mhargaí airgeadais tríú tír atá coibhéiseach ó thaobh feidhme de. Ba cheart a thuiscint go n-áirítear ar rannpháirtíocht i mbonneagair na margaí airgeadais aon chórais socraíochta urrús agus íocaíochta, bonneagair na margaí airgeadais atá údaraithe nó rialáilte amhail contrapháirtí lárnach (CPL) agus taisclann lárnach urrús (CSD), agus aon chórais atá ainmnithe nó cosanta ar shlí eile chun críocha na Treorach maidir le Críochnaitheacht Socraíochta[16] agus, i ngach cás, bonneagair margaí airgeadais tríú tír atá coibhéiseach ó thaobh feidhme de.**

---

[16] Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús, IO L 166, 11.6.1998, lgh. 45–50.

**(27b) Maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sanntaí éileamh de a eascraíonn as comhaontuithe trína ndeonaítear creidmheas i bhfoirm iasachta, ba cheart iad a rialú le dlí an éilimh arna shannadh. Ba cheart a áireamh leis sin éilimh chreidmheasa mar a shainítear iad i bpointe (o) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2002/47, a úsáidtear go minic mar chomhthaobhacht airgeadais laistigh den Eorachóras. Chun gur fusa éilimh a eascraíonn as iasachtaí sindeacáite agus sluachistiú iasachtbhunaithe ar mhargaí airgeadais tánaisteacha a shannadh thar theorainneacha, ba cheart éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de a eascraíonn as iasachtaí sindeacáite agus as slua-chistiú iasachtbhunaithe a bheith faoi réir dhlí an éilimh arna shannadh freisin.**

(28) Ba cheart foráil a dhéanamh do sholúbthacht i gcinneadh an dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de i gcomhthéacs urrúsú chun freastal ar riachtanais na n-urrúsóirí uile agus chun leathnú an mhargaidh urrúsúcháin trasteorann a éascú d'oibreoirí beaga. **Ba cheart é sin a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm na rialacha rialála is infheidhme maidir le margaí airgeadais. Ba cheart urrúsú a shainiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2402.[17] Ós rud é go bhfuil gnéithe ag baint le bannaí faoi chumhdach a eisiúint atá comhchosúil le gnéithe urrúsúcháin agus a mhéid a bhaineann sannadh éileamh le bannaí faoi chumhdach a eisiúint, ba cheart feidhm a bheith ag an tsolúbthacht chéanna maidir le bannaí faoi chumhdach a eisiúint. Ba cheart na bannaí sin faoi chumhdach a shainiú i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/2162.[18]**

---

[17] Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE, agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 648/2012.

[18] Treoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le heisiúint bannaí faoi chumhdach agus maoirseacht phoiblí ar bhannaí faoi chumhdach agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2014/59/AE.

**(28a) I gcás ina mbeidh** [...] **feidhm** [...] ag an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra mar an riail réamhshocraithe i dtaca le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh **sannadh** [...] éileamh de i gcomhthéacs urrúsú **nó eisiúint bannaí faoi chumhdach**, ba cheart don sannóir (**an** tionscnóir **in urrúsú**) agus don sannaí (**an** t-aonán sainchuspóireach **in urrúsú**) a bheith in ann a roghnú gur cheart feidhm a bheith ag dlí an éilimh arna shannadh maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de. **Ar an taobh eile, i gcás ina mbeidh feidhm ag dlí an éilimh arna shannadh mar riail réamhshocraithe i dtaca le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de, ba cheart don sannóir agus don sannaí, i gcomhthéacs urrúsú nó eisiúint bannaí faoi chumhdach, a bheith in ann teacht ar chomhaontú gur cheart feidhm a bheith ag an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra i dtaca le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de. Ar an gcaoi sin,** ba **cheart** don [...] sannóir agus don sannaí a bheith in ann a chinneadh go mbeidh éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de, i gcomhthéacs urrúsú **nó eisiúint bannaí faoi chumhdach**, faoi réir na rialach maidir le gnáthchónaí an tsannóra nó faoi réir dhlí an éilimh arna shannadh i bhfianaise struchtúr agus shaintréithe an idirbhirt, mar shampla líon agus suíomh na dtionscnóirí agus an líon dlíthe **lena** [...] rialaítear na héilimh arna sannadh.

**(28b) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus chun gur féidir a fhíorú gur ann do rogha dlí, ba cheart comhaontú maidir le rogha dlí a dhoiciméadú i scríbhinn nó trí mhodhanna leictreonacha lena dtugtar taifead buan ar an gcomhaontú.**

(29) Féadfaidh coinbhleachtaí tosaíochta tarlú idir sannaithe an éilimh chéanna i gcás ina mbeidh éifeachtaí tríú páirtí an tsannta faoi réir an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra i sannadh amháin agus faoi réir dhlí an éilimh arna shannadh i sannadh eile. I gcásanna den sórt sin, ba cheart gurbh é an dlí is infheidhme maidir leis an gcoinbhleacht tosaíochta a réiteach an dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh shannadh an éilimh a [...] **tháinig** chun bheith [...] éifeachtach den chéad uair in aghaidh tríú páirtithe faoin dlí is infheidhme i ndáil leis.

(30) Ba cheart raon feidhme an dlí náisiúnta arna ainmniú ag an Rialachán seo mar an dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de a bheith aonfhoirmeach. Faoin dlí náisiúnta arna ainmniú mar an dlí is infheidhme **faoin Rialachán seo**, ba cheart go háirithe an méid seo a leanas a rialú: (i) éifeachtacht shannadh **an éilimh** in aghaidh tríú páirtithe, is é sin na bearta is gá a dhéanamh **d'fhonn** [...] **go bhfaigheann** [...] an sannaí teideal dlí ar an éileamh arna shannadh (mar shampla, fógra a thabhairt don fhéichiúnaí i scríbhinn maidir leis an sannadh); agus (ii) saincheisteanna tosaíochta, is é sin coinbhleachtaí idir roinnt éilitheoirí **iomaíocha** maidir le cé acu díobh a **fuair** teideal dlí ar an éileamh **arna shannadh** (idir beirt sannaithe, mar shampla, i gcás inar sannadh an t-éileamh céanna faoi dhó, nó idir sannaí agus creidiúnaí de chuid an tsannóra). **Chun críocha an Rialacháin seo, áirítear le teideal dlí ar éileamh úinéireacht an éilimh agus, ina theannta sin, cearta teidlíochta eile faoin dlí náisiúnta, amhail teidlíocht an té dá dtugtar gealltán.**

(31) I bhfianaise ghnéithe uilechoiteanna an Rialacháin seo, féadfar dlíthe de chuid aon **Stáit** [...] a bhfuil traidisiúin dhlíthiúla éagsúla acu a ainmniú mar an dlí is infheidhme. I gcás ina ndéanfar aistriú ar an gconradh as a n-eascraíonn an t-éileamh tar éis an t-éileamh a shannadh, ba cheart an dlí arna ainmniú ag an Rialachán seo mar an dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh shannadh [...] **an** éilimh de rialú a dhéanamh chomh maith ar choinbhleacht tosaíochta idir sannaí an éilimh agus tairbhí nua an éilimh chéanna tar éis aistriú an chonartha as a n-eascraíonn an t-éileamh. [...]

(32) Ar mhaithe le leas an phobail bheadh údar leis an deis a thabhairt do chúirteanna na mBallstát, in imthosca eisceachtúla, eisceachtaí a chur i bhfeidhm ar bhonn an bheartais phoiblí agus forálacha sainordaitheacha sáraitheacha, ach ba cheart an deis sin a **fhorléiriú** [...] ar bhealach srianta.

**(32a) I gcás ina mbeidh baint ag tomhaltóir le héileamh a shannadh mar thríú páirtí, ba cheart feidhm a bheith ag rialacha substainteacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí i gcás inarb é dlí Ballstáit an dlí arna ainmniú ag an Rialachán seo. I gcás inarb é dlí de chuid Stáit nach Ballstát é an dlí arna ainmniú ag an Rialachán seo, ba cheart go mbeadh an chúirt a réitíonn díospóid i dteideal, i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 7 den Rialachán seo agus faoi na coinníollacha a shonraítear iontu, forálacha sainordaitheacha sáraitheacha an fhóraim a chur i bhfeidhm nó diúltú do chur i bhfeidhm forála den dlí is infheidhme atá contrártha lena beartas poiblí. I gcás inar tomhaltóir é féichiúnaí an éilimh arna shannadh, ba cheart a sheasamh a bheith faoi rialú dhlí an éilimh arna shannadh i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán an Róimh I. Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh do rialacha substainteacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí, lena n-áirítear rialacha maidir le creidmheas do thomhaltóirí agus creidmheas morgáiste.**

**(32b) Ós rud é go bhfuil Stáit ann ina bhfuil dhá chóras dlí nó níos mó nó dhá shraith rialacha nó níos mó ann a bhaineann le hábhair a rialaítear leis an Rialachán seo, ba cheart foráil a bheith ann lena rialófaí a mhéid atá feidhm ag an Rialachán seo in aonaid chríochacha éagsúla na Stát sin.**

**(32c) Níor cheart don Rialachán seo dochar a dhéanamh do chur i bhfeidhm forálacha eile de dhlí an Aontais lena leagtar síos rialacha na heasaontachta dlíthe a bhaineann le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de i ndáil le hábhair shonracha. Go háirithe, níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh d'fhorálacha na heasaontachta dlíthe in Airteagal 9 den Treoir Comhthaobhachta Airgeadais[19], in Airteagail 8 agus 9 den Treoir maidir le Críochnaitheacht Socraíochta, in Airteagail 24 agus 31 den Treoir maidir le Foirceannadh[20] ná do na hábhair arna rialú ag an Rialachán maidir le Clárlann an Aontais[21].**

(33) Ós rud é gur gá gealltanais a rinne na Ballstáit ar an leibhéal idirnáisiúnta a urramú, níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh d'aon choinbhinsiún idirnáisiúnta a bhfuil Ballstát amháin nó níos mó ina pháirtí ann tráth a ghlactar an Rialachán seo. Chun go mbeidh na rialacha níos inrochtana, ba cheart don Choimisiún liosta de na coinbhinsiúin ábhartha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ar **an Tairseach Eorpach don r-Cheartas**, ar bhonn na faisnéise a chuirfidh na Ballstáit ar fáil.

**(33a) Ba cheart don Rialachán seo a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm Choinbhinsiún Cape Town 2001 ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ná do na Prótacail a ghabhann leis.**

**(33b) Chun éifeachtaí cúlghabhálacha an Rialacháin seo a chosc, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le sannadh éileamh i gcás ina ndearnadh conradh an tsannta a thabhairt i gcrích ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo nó ina dhiaidh.**

---

19 Treoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2002 maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais, IO L 168, 27.6.2002, lgh. 43-50.

20 Treoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le hatheagrú agus foirceannadh institiúidí creidmheasa, IO L 125, 5.5.2001, lgh. 15-23.

21 Rialachán (AE) Uimh. 389/2013 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2013 lena mbunaítear Clárlann Aontais de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Cinntí Uimh. 280/2004/CE agus Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na Eorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 920/2010 agus Uimh. 1193/2011 ón gCoimisiún, IO L 122, 3.5.2013, lgh. 1-59.

(34) Urramaíonn an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, féachann an Rialachán seo le cur i bhfeidhm Airteagail 17 agus 47 a chur chun cinn, airteagail a bhaineann, faoi seach, leis an gceart chun maoine agus leis an gceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil.

(35) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí an Rialacháin, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh[...], i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh [...] ar an Aontas Eorpach. Ní féidir an aonfhoirmeacht a theastaíonn maidir le rialacha na heasaontachta dlíthe a bhaineann le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de a ghnóthú ach amháin le Rialachán mar nach n-áiritheofar ach le Rialachán go ndéanfar na rialacha a léiriú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar an leibhéal náisiúnta. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta [...] a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach[...] chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(36) I gcomhréir le hAirteagail 3 agus 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl [...]Éire **[...]**rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus [...]níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm**.**[...]

(37) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an g**<u>Conradh</u>** [...] ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo, i gcásanna ina mbeidh easaontacht dlíthe, maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh **deonach** éileamh **agus seachaíocht chonarthach** in ábhair shibhialta agus thráchtála de.

Ní bheidh feidhm aige, go háirithe, maidir le hábhair ioncaim, chustaim ná riaracháin.

**1a. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le héifeachtaí tríú páirtí a bhaineann le haistriú ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear trí urrús agus gealltáin nó cearta eile urrúis ar na hionstraimí airgeadais sin. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo, go háirithe, maidir le héifeachtaí tríú páirtí a bhaineann le haistriú urrús inaistrithe, ionstraimí margaidh airgid, aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta, lena n-áirítear trí urrús agus gealltáin nó cearta eile urrúis ar na hionstraimí airgeadais sin.**

**1ab. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le héifeachtaí tríú páirtí a bhaineann le haistriú criptea-shócmhainní, cibé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn siad mar ionstraimí airgeadais nó , lena n-áirítear trí urrús, gealltáin nó cearta eile urrúis ar na criptea-shócmhainní sin.**

**1aa. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le héifeachtaí tríú páirtí a bhaineann le haistriú ceart urrúis ar shócmhainní nach éilimh iad, go háirithe ar mhaoin dhochorraithe agus sócmhainn shochorraithe atá faoi réir clárú i gclár poiblí a leagtar síos le dlí, lena n-áirítear aon cheanglais foirme nó chlárúcháin maidir le héifeachtacht aistriú an chirt urrúis agus maidir le héifeachtaí a bhaineann le comhlíonadh nó teip ar chomhlíonadh aon cheanglas maidir le coinbhleachtaí tosaíochta faoin éileamh urraithe a réiteach.**

2. Eisiafar **sannadh na n-éileamh** seo a leanas ó raon feidhme an Rialacháin seo:

**(a)** [...] éilimh a eascraíonn **as** [...] gaoil teaghlaigh agus as caidrimh a measann an dlí is infheidhme maidir le caidrimh den sórt sin éifeachtaí inchomparáide a bheith acu, lena n-áirítear oibleagáidí cothabhála;

**(b)** [...] éilimh a eascraíonn **as** [...] réimis maoine pósta, réimis maoine caidreamh a measann an dlí is infheidhme maidir le caidrimh den sórt sin éifeachtaí inchomparáide a bheith acu le pósadh, agus uachtanna agus comharbas;

**(c)** [...] éilimh a eascraíonn **faoi** [...] bhillí malairte, seiceanna, nótaí gealltanais agus ionstraimí soshannta eile sa mhéid gur as soshanntacht ionstraimí soshannta eile den sórt sin a eascraíonn na h**éilimh** [...] ar ann dóibh fúthu;

**(d)** [...] éilimh [...] arna rialú ag dlí na gcuideachtaí agus comhlachtaí eile, idir chorpraithe agus neamhchorpraithe, amhail **éilimh a eascraíonn as** bunú, trí chlárú nó ar shlí eile, inniúlacht dhlítheanach, eagrú inmheánach nó foirceannadh cuideachtaí agus comhlachtaí eile, idir chorpraithe agus neamhchorpraithe, agus dliteanas pearsanta oifigeach agus comhaltaí, sa cháil sin dóibh, i leith oibleagáidí na cuideachta nó an chomhlachta;

**(e)** [...] éilimh a eascraíonn **as** [...] comhdhéanamh iontaobhas agus as an gcaidreamh idir socraitheoirí, iontaobhaithe agus tairbhithe;

**(f)** [...] éilimh a eascraíonn **as** [...] conarthaí árachais a eascraíonn **faoi** [...] oibríochtaí a rinne eagraíochtaí seachas na gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (3) de Threoir 2009/138/CE **ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II)**,**[...][1] a bhfuil sé de chuspóir acu sochair a sholáthar do dhaoine atá fostaithe nó do dhaoine atá féinfhostaithe a bhfuil baint acu le gnóthas nó le grúpa gnóthas, nó le ceird nó le grúpa ceirdeanna, i gcás báis nó marthanais nó i gcás scoir nó ciorrú gníomhaíochta, nó i gcás breoiteacht a bhaineann le hobair nó le tionóiscí ag an obair**;** [...]

**(g) éilimh arna gcorprú i ndeimhniú nó arna léireofar trí chuntas reatha;**

**(h) éilimh a eascraíonn as urrús inaistrithe, ionstraim margaidh airgid nó aonad i ngnóthas comhinfheistíochta.**

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo:

**(a)** ciallaíonn 'sannóir' duine a aistríonn **a** [...] cheart chun fiach a éileamh in aghaidh féichiúnaí chuig duine eile;

**(b)** ciallaíonn 'sannaí' duine a fhaigheann an ceart fiach a éileamh in aghaidh féichiúnaí ó dhuine eile;

1 [...]

**(c)** ciallaíonn 'sannadh' aistriú deonach ar cheart chun fiach a éileamh in aghaidh féichiúnaí**;** áirítear **leis sin** [...] aistrithe iarbhír ar éilimh, seachaíocht chonarthach, aistrithe éileamh trí urrúis agus gealltáin nó cearta eile urrúis ar éilimh**, ach ní chumhdaítear leis aistriú ar chonarthaí, ina n-áirítear cearta agus oibleagáidí araon, nó nuachan conarthaí lena n-áirítear na cearta agus na hoibleagáidí sin;**

**(d)** ciallaíonn 'éileamh' an ceart fiach de chineál ar bith a éileamh, idir fhiacha airgeadaíochta agus neamh-airgeadaíochta, agus cibé acu a eascraíonn sé **as** [...] oibleagáid chonarthach nó neamhchonarthach;

**(e)** ciallaíonn 'éifeachtaí tríú páirtí' [...] an ceart atá ag **duine** [...] teideal dlí a dhearbhú [...] **ar éileamh arna shannadh dó i leith tríú páirtithe, lena n-áirítear** [...] sannaithe nó tairbhithe eile ar an éileamh [...]céanna, creidiúnaithe an tsannóra agus tríú páirtithe eile**, gan dochar do chearta agus oibleagáidí an fhéichiúnaí faoin dlí is infheidhme de bhun Airteagal 14(2) de Rialachán an Róimh I;**

**(f)** ciallaíonn 'gnáthchónaí', i gcás cuideachtaí agus comhlachtaí eile, idir chorpraithe agus neamhchorpraithe, an lárionad riaracháin; i gcás daoine nádúrtha ag gníomhú dóibh **ina** [...] ngníomhaíocht ghnó, **a** [...] bpríomháit ghnó;

(g) [...][2][...][3][...] **ciallaíonn 'urrúsú' idirbheart nó scéim mar a shainítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2017/2402 (Rialachán Urrúsúcháin);**

**(ga) ciallaíonn 'bannaí faoi chumhdach' oibleagáid mar a shainítear in Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/2162 (an Treoir Bannaí Faoi Chumhdach);**

**(h)** ciallaíonn 'airgead tirim' airgead [...] **mar a shainítear é i bpointe (d) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2002/47/CE (Socrú Comhthaobhachta Airgeadais);**

**(ha) ciallaíonn 'airgead leictreonach' airgead leictreonach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Threoir 2009/110/CE;**

**(hc) ciallaíonn 'criptea-shócmhainn' criptea-shócmhainn mar a shainítear í in Airteagal [3(1)(2)] de Rialachán [XXX] maidir le margaí i gcriptea-shócmhainní (MiCA);**

**(i)** ciallaíonn 'ionstraim airgeadais' **na** [...] hionstraimí sin a shonraítear i Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE[4] **(MiFID);**

2 [...]
3 [...]
4 [...]

**(ia) ciallaíonn 'urrúis inaistrithe' na hionstraimí a shonraítear in Airteagal 4(1)(44) de Threoir 2014/65/AE (MiFID);**

**(j) ciallaíonn 'conradh airgeadais' na hionstraimí a shonraítear in Airteagal 2(1)(100) de Threoir 2014/59/AE (BRRD);**

**(ja) ciallaíonn 'socrú comhthaobhachta' socrú comhthaobhachta airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(1)(a) de Threoir 2002/47/CE (FCD) agus urrús comhthaobhach de réir bhrí Airteagal 2(m) de Threoir 98/26/CE (SFD);**

**(k) ciallaíonn 'socrú glanluachála' socrú mar a shainítear in Airteagal 2(1)(47) de Rialachán (AE) 2021/23 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha (CCP RRR);**

**(l) ciallaíonn 'spot-idirbheart malairte eachtraí' conradh mar a shainítear i bpointe (a) d'Airteagal 10(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún.**

## CAIBIDIL II

## RIALACHA AONFHOIRMEACHA

### *Airteagal 3*

### **Cur i bhfeidhm uilíoch**

Déanfar aon dlí a shonraítear leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm cibé acu an dlí de chuid Ballstáit é nó nach ea.

*Airteagal 4*

**An dlí is infheidhme**

1. Mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo, is é dlí an **Stáit** [...] ina bhfuil gnáthchónaí ar an sannóir **tráth a thabharfar conradh an tsannta i gcrích** [...] an dlí lena rialófar éifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de.

I gcás ina athróidh an sannóir áit a ghnáthchónaí idir dhá shannadh den éileamh céanna ar shannaithe éagsúla, beidh tosaíocht cirt sannaí ar cheart sannaí eile arna rialú ag an dlí maidir le gnáthchónaí an tsannóra tráth a tháinig an sannadh chun bheith éifeachtach den chéad uair in aghaidh tríú páirtithe faoin dlí a ainmnítear mar an dlí is infheidhme de bhun na chéad fhomhíre.

2. Rialóidh an dlí is infheidhme i ndáil leis an éileamh arna shannadh éifeachtaí tríú páirtí maidir le sannadh na nithe seo a leanas:

(a) **éilimh** airgid [...] **thirim agus éilimh airgid leictreonaigh;**

(b) éilimh a eascraíonn [...] **as**:

**(i) ionstraimí** airgeadais; [...]

**(ii) conarthaí airgeadais, socruithe comhthaobhachta comhlachaithe agus socruithe glanluachála comhlachaithe; agus**

**(iii) spot-idirbhearta malairte eachtraí;**

**(ba) éilimh a eascraíonn as criptea-shócmhainní nach bhfuil incháilithe mar ionstraimí airgeadais ná airgead leictreonach;**

**(c) éilimh a eascraíonn as idirbhearta ar mhargaí airgeadais nó as rannpháirtíocht i mbonneagair margaí airgeadais;**

**(d) éilimh a eascraíonn as comhaontuithe trína ndeonaítear creidmheas i bhfoirm iasachta.**

3. **Maidir le hurrúsú agus eisiúint bannaí faoi chumhdach,** féadfaidh [...] an sannóir agus an sannaí an dlí **maidir le** [...] **gnáthchónaí an tsannóra nó** [...] an dlí is infheidhme maidir leis an **éileamh arna shannadh** a roghnú **mar an dlí is infheidhme.** [...]

Déanfar an rogha dlí go sainráite **agus i scríbhinn** i gconradh an tsannta **nó** trí chomhaontú ar leithligh **arna thabhairt i gcrích tráth a thugtar conradh an tsannta i gcrích. Measfar go bhfuil aon chumarsáid ar mhodh leictreonach lena dtabharfar taifead marthanach ar an gcomhaontú comhionann le scríbhinn.** Déanfar an comhaontú a bheith ann agus [...] bailíocht [...] shubstainteach [...] an **chomhaontaithe a chinneadh** [...] de réir [...] an [...]dlí **lena rialófaí éifeachtaí tríú páirtí an tsannta éileamh faoin Rialachán seo más rud é go raibh an comhaontú nó an téarma bailí. Má fhorchuirtear ceanglais fhoirmiúla bhreise leis an dlí sin, beidh feidhm ag na ceanglais sin.**

4. Déanfar coinbhleacht tosaíochta idir sannaithe an éilimh chéanna i gcás ina mbeidh éifeachtaí tríú páirtí aon sannta amháin arna rialú ag dlí an **Stáit** [...]ina bhfuil gnáthchónaí ar an sannóir agus éifeachtaí tríú páirtí sannta eile arna rialú ag an dlí is infheidhme i ndáil leis an éileamh arna shannadh, déanfar an choinbhleacht sin a rialú ag an dlí is infheidhme i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí an éilimh arna shannadh a tháinig chun bheith éifeachtach den chéad uair in aghaidh tríú páirtithe faoin dlí is infheidhme.

*Airteagal 5*

**Raon feidhme an dlí is infheidhme**

Leis an dlí is infheidhme maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh **sannadh** [...] éileamh de, de bhun an Rialacháin seo, rialófar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) na ceanglais maidir le héifeachtacht an tsannta in aghaidh tríú páirtithe**, gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí** [...] an fhéichiúnaí **faoin dlí is infheidhme de bhun Airteagal 14(2) de Rialachán an Róimh I** [...];

(b) tosaíocht chearta an tsannaí ar chearta sannaí eile i dtaca leis an éileamh céanna;

(c) tosaíocht chearta an tsannaí ar chearta chreidiúnaithe an tsannóra;

(d) tosaíocht chearta an tsannaí ar chearta an tairbhí [...] i leith an éilimh chéanna **de thoradh ar aistriú an chonartha as a n-eascraíonn an t-éileamh**[...]**.**

[...]

*Airteagal 6*

**Forálacha sainordaitheacha sáraitheacha**

1. Ní chuirfidh aon ní sa Rialachán seo srian ar chur i bhfeidhm fhorálacha sainordaitheacha sáraitheacha dhlí an fhóraim.

2. Is forálacha iad forálacha sainordaitheacha sáraitheacha a measann Ballstát é a bheith ríthábhachtach iad a urramú chun a leasanna poiblí a chosaint, amhail a eagrú polaitiúil, sóisialta nó geilleagrach, agus sa mhéid go mbeidh siad infheidhme maidir le haon chás a thagann faoina raon feidhme, beag beann ar an dlí is infheidhme seachas sin maidir le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de bhun an Rialacháin seo de.

CAIBIDIL III

FORÁLACHA EILE

*Airteagal 7*

**Beartas poiblí (*ordre public*)**

Ní fhéadfar diúltú do chur i bhfeidhm forála dlí aon **Stáit** [...] a shonraítear sa Rialachán seo ach amháin más follas nach bhfuil an cur i bhfeidhm sin ag teacht le beartas poiblí (*ordre public*) an fhóraim.

*Airteagal 8*

**Renvoi a eisiamh**

Is éard atá i gceist le cur i bhfeidhm dhlí aon Stáit a shonraítear sa Rialachán seo cur i bhfeidhm na rialacha dlí atá i bhfeidhm sa Stát sin seachas a rialacha maidir leis an dlí idirnáisiúnta phríobháideach.

*Airteagal 9*

**Stáit a bhfuil níos mó ná córas dlí amháin acu**

1. I gcás inarb é **an dlí a shonraítear leis an Rialachán seo dlí** an Stáit **ina** gcuimsítear roinnt aonaid críochacha, a bhfuil a rialacha dlí féin **ag** [...] gach aonad díobh i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí sannta éileamh **i gcúrsaí sibhialta agus tráchtála, is le rialacha na heasaontachta dlíthe inmheánacha an Stáit sin a chinnfear** [...] an t-aonad críochach **ábhartha a mbeidh a rialacha dlí infheidhme.**

**2. Nuair nach ann d'easaontacht dlíthe inmheánacha den sórt sin,** féachfar **ar aon tagairt do dhlí an Stáit sin** [...] mar thagairt don dlí atá i bhfeidhm san aonad críche ábhartha [...] chun críoch an dlí is infheidhme faoin Rialachán seo a shainaithint.

**3**[...]. Ní cheanglófar ar Bhallstát ina bhfuil roinnt aonaid chríochacha a bhfuil a rialacha dlí féin ag gach ceann acu i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de, ní cheanglófar orthu an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le heasaontachtaí dlíthe a bhaineann leis na haonaid sin amháin.

*Airteagal 10*

**Gaol le forálacha eile de dhlí an Aontais**

**1.** Ní dhéanfaidh an Rialachán seo dochar do chur i bhfeidhm forálacha de dhlí an Aontais lena leagtar síos, i ndáil le hábhair áirithe, rialacha easaontachta dlíthe a bhaineann le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de.

**2. Go háirithe, ní dhéanfaidh an Rialachán seo dochar do chur i bhfeidhm rialacha na heasaontachta dlíthe i dTreoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2002 maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais, i dTreoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús agus i dTreoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le hinstitiúidí creidmheasa a atheagrú agus a fhoirceannadh, i ndáil le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de.**

*Airteagal 11*

**An gaol le coinbhinsiúin idirnáisiúnta atá ann cheana**

1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo dochar do chur i bhfeidhm coinbhinsiún idirnáisiúnta a mbeidh Ballstát amháin nó níos mó ina bpáirtithe iontu tráth a ghlacfar an Rialachán seo agus lena leagtar síos rialacha easaontachta dlíthe a bhaineann le héifeachtaí tríú páirtí ó thaobh sannadh éileamh de.

2. Beidh tosaíocht ag an Rialachán seo, áfach, amhail idir na Ballstáit, ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích go heisiach idir dhá Bhallstát nó níos mó a mhéad a bhaineann na coinbhinsiúin sin le hábhair a rialaítear leis an Rialachán seo.

*Airteagal 12*

**Liosta na gCoinbhinsiún**

1. Faoin [***6 mhí roimh*** *dháta an iarratais*], tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagal 11(1). Tar éis an dáta sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi gach séanadh a dhéantar ar na coinbhinsiúin sin.

2. Laistigh de 6 mhí ón uair a gheobhaidh sé na fógraí dá dtagraítear i mír 1, foilseoidh an Coimisiún an méid seo a leanas in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* **agus sa Tairseach Eorpach don r-Cheartas:**

(a) liosta na gcoinbhinsiún dá dtagraítear i mír 1;

(b) na séantaí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 13*

**Clásal athbhreithniúcháin**

Faoin [*5 bliana tar éis dháta an iarratais*], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Más iomchuí, beidh tograí maidir leis an Rialachán seo a leasú ag gabháil leis an tuarascáil.

*Airteagal 14*

**Cur i bhfeidhm i dtaca le ham**

[...]Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le sannadh éileamh **i gcás ina ndearnadh conradh an tsannta a thabhairt** i gcrích roimh [*dáta an iarratais*] nó dá éis.

[...]

*Airteagal 15*

**Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm leis ón [***an chéad lá den mhí a chomhfhreagraíonn don mhí tar éis na tréimhse 24*** *[...]mhí tar éis [...]theacht i bhfeidhm* **an Rialacháin seo**].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh [...],

*[...]*

***[...]***